





# CORPOIDEACHAS

## Naíonáin: Aonad Oibre Samplach 3

## Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

## Snáithaonad: Treodóireacht






An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Treodóireacht

**TAFF: ní a aimsiú in achar teoranta de chlós na scoile agus é a úsáid i ngníomhaíochtaí meaitseála.**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Torthaí Foghlama don Ghaeilge


Is féidir liom abairtí bunúsach a rá mar shampla 'Tá a dó agam'.

Is féidir liom treoracha a leanúint, mar shampla 'Cuirigí an cárta faoin gcón'.

Is féidir liom rudaí a aithním a ainmniú. Mar shampla trealamh corpoideachais 'cón', na huimhreacha- 'a dó'.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide



Naíonáin
Corpoideachas
Ceacht 3

# FCÁT 3

Oide

# Dánta & Rainn

Is féidir roinnt de na dánta seo a mhúineadh mar ullmhúchán nó mar athneartú ar an teanga riachtanach

**(Déantar na línte a mhúineadh le gníomhaíochtaí oiriúnacha. Véarsa 1-3 ina n-aonair,Véarsa 4-6 i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.)**

**Dán: Tá mé ag siúl!**

Tá mé ag siúl, Féach orm hé hé,
Tá mé ag siúl,
Ar dheis agus ar chlé!

Tá mé ag rith, Féach orm hé hé,
Tá mé ag rith,
Ar dheis agus ar chlé!

Tá mé ag léim, Féach orm hé hé,
Tá mé ag léim,
Ar dheis agus ar chlé!

Táimid ag siúl,
Ar aghaidh linn le chéile,
Táimid ag siúl,
Seo muid ag barr an tseomra!

Táimid ag rith,
Ar aghaidh linn le chéile,
Táimid ag rith,
Seo muid ag barr an tseomra!

Táimid ag léim,
Ar aghaidh linn le chéile,
Táimid ag léim,
Seo muid ag barr an tseomra!



**Dán: Lucha beaga buí**



A haon, a do, a trí
Lucha beaga buí
Ag ithe píosa
cáise
I ngan fhios d'fhear an tí



Cat mór liath
Tháinig sé isteach
Cad a dhein na lucha
Rith siad amach




**Rann: A haon, a dó, a trí**



Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé,
Císte deas i gcomhair an tae,
Uachtar reoite, banana buí,
Lollipop is oráistí.



**Dán: Aon, dó muc is bó**

A haon, a dó, muc is bó,
A trí, a ceathair, bróga leathair,
A cúig, a sé, cupán tae,
A seacht, a hocht, seanbhean bhocht,
A naoi, a deich, císte te.



**Smaointe don Seomra Ranga**

***Le múineadh: Cuirigí/Faighigí/Tagaigí***

**Déan an gníomh agus taispeáin do na páistí cén míniú atá ar na briathra seo.**



*"Cuirigí bhur málaí faoin mbord – cá bhfuil na málaí? – faoin mbord. Faighigí bhur málaí!!*
*"Cuirigí na criáin ar an mbord""Faighigí an crián dearg"*
*"Faighigí bhur gcótaí – tá sé ag cur báistí"*

Is féidir leis an múinteoir dul go barr an tseomra agus leabhair a thabhairt amach – *"Tagaigí suas go barr an tseomra" "Tagaigí suas"* (grúpaí beaga ag do bhord). *"Tagaigí isteach"* (tar éis am lóin no ar maidin).

***Le múineadh: Uimhreacha***

Bain úsáid as na huimhreacha i rith an lae. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh.

Is féidir cluiche BIONGÓ nó cluiche cártaí imeartha a imirt leis na páistí chun na huimhreacha a chleachtadh m.sh. Téigh ag iascaireacht.



# Smaointe don seomra ranga:



**Le múineadh: Cuirigí/Faighigí/Tagaigí**

**Déan an gníomh agus taispeáin do na páistí cén míniú atá ar na briathra seo.**

"Cuirigí bhur málaí faoin mbord – cá bhfuil na málaí? – faoin mbord. Faighigí bhur málaí!!
"Cuirigí na criáin ar an mbord" "Faighigí an crián dearg"
"Faighigí bhur gcótaí – tá sé ag cur báistí"

Is féidir leis an múinteoir dul go barr an tseomra agus leabhair a thabhairt amach – "Tagaigí suas go barr an tseomra" "Tagaigí suas" (grúpaí beaga ag do bhord). "Tagaigí isteach" (tar éis am lóin nó ar maidin).

**Le múineadh: Uimhreacha**

Bain úsáid as na huimhreacha i rith an lae. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh.

Is féidir cluiche BIONGÓ nó cluiche cártaí imeartha a imirt leis na páistí chun na huimhreacha a chleachtadh m.sh. Snap nó Téigh ag iascaireacht.



Tar éis am lóin:
Tagaigí isteach!

Tá a trí agam!
Biongó!

Sa líne: Seasaigí i mbeirteanna.
An bhfuil páirtí agat?

# Dán: Lucha Beaga Buí

<u>Múineadh na nUimhreacha</u>

**A haon, a dó, a trí**
**Lucha beaga buí**
**Ag ithe píosa**
**cáise**
**I ngan fhios d'fhear an tí**

**Cat mór liath**
**Tháinig sé isteach**
**Cad a dhein na lucha**
**Rith siad amach**





Is féidir leis na páistí geáitsí a chur leis an dán i ngrúpaí de cheathrar. Páiste amháin mar chat agus an triúr eile ina luchóga ag ligint orthu go bhfuil cáis á ithe acu. Is féidir é a chleachtadh le grúpa amháin ar dtús agus ansin is féidir leis na páistí ar fad é a dhéanamh i ngrúpaí.

Cé mhéad luch atá ann?
A haon, a Dó, a trí. Tá trí luch ann!
Bígí ag comhaireamh liom! A haon, a dó, a trí!

Rithigí amach ar nós na luchóga!

# Dán: Lucha Beaga Buí

A haon, a do, a trí (1,2,3)




Lucha beaga buí

Ag ithe píosa cáise

I ngan fhios d'fhear an tí





Cat mór liath

Tháinig sé isteach

Cad a dhein na lucha

Rith siad amach






# Dán: Aon, dó, trí...



Aon, dó, trí,
ceathair, cúig, sé,
Císte deas i
gcomhair an tae,
Uachtar reoite,
banana buí,
Lollipop is oráistí.












Cliceáil anseo chun féachaint ar fhíseán ó Ghaeloideachais.


# Cluiche Meaitseála sa seomra ranga


Sprioc- go rachaidh na páistí i dtaithí ar an bhfoclóir a bhaineann le 'péire', 'meaitseáil', is teanga na gcártaí sula dtéann siad ag an halla.


Don chluiche cuimhne seo bíonn 2 chóip den bhileog chéanna ag teastáil, nó cóip de na spotaí is cóip de na huimhreacha (ag brath ar chinneadh an mhúinteora agus cumas na bpáistí). Cuir na cártaí ar fad aghaidh síos, caithfidh na páistí 2 chárta a phiocadh suas, agus iad ar thóir péire. Más péire é- coimeádann siad iad má tá siad in ann an focal ceart a rá. Bíonn an bua ag an duine leis an méid is mó péirí ag an deireadh.



| | | |
|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | |





Cliceáil ar an ríomhaire chun cluiche ar líne a imirt

# Dán: A hAon, a dó, muc is bó


A haon, a dó, muc is bó,
A trí, a ceathair, bróga leathair,
A cúig, a sé, cupán tae,
A seacht, a hocht, seanbhean bhocht,
A naoi, a deich, císte te.



1 2



+




3
4

5 6




7
8

9 10



# Dán: Tá mé ag siúl.

<u>Véarsa 1-3 ina n-aonair</u>

Tá mé ag siúl, Féach orm hé hé,
Tá mé ag siúl, Ar dheis agus ar chlé!

Tá mé ag rith, Féach orm hé hé,
Tá mé ag rith, Ar dheis agus ar chlé!

Tá mé ag léim, Féach orm hé hé,
Tá mé ag léim, Ar dheis agus ar chlé!



<u>Véarsa 4-6 i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga</u>

Táimid ag siúl, Ar aghaidh linn le chéile,
Táimid ag siúl, Seo muid ag barr an tseomra!

Táimid ag rith, Ar aghaidh linn le chéile,
Táimid ag rith, Seo muid ag barr an tseomra!

Táimid ag léim, Ar aghaidh linn le chéile,
Táimid ag léim, Seo muid ag barr an tseomra!



**Imreoimid 3 chluiche réamhghníomhaíochta sa halla mar chuid den Ionchur Teanga**
**sula dtosaíonn an gníomh treodóireachta. Míneofar na cluichí ar Shleamhnáin 16 go 19.**

Cluiche 1. Lean na treoracha (Sleamhnán 18-19)

Cluiche 2: Rithigí go hUimhir a .... (Sleamhnán 20)

Cluiche 3 : Cad atá agat? (Sleamhnán 21)

Cluiche 4: Ansin, beidh na páistí réidh don Tréimhse Ghníomhaíochta/Chumarsáide (Shleamhnáin 22-24).



# Cluiche 1:Lean na Treoracha

Mínigh go gciallaíonn XXX barr an tseomra.
Cuir an comhartha XXX ag barr an tseomra.
Cuir na páistí ina suí ag bun an tseomra - seo an túsphointe.
Iarr ar na paistí siúl leat go barr an halla agus siúl ar ais go bun an halla.
Úsáid na téarmaí ar aghaidh agus siar.




Suígí síos ag an túsphointe ag bun an halla/tseomra


Léimigí ar aghaidh go barr an halla, rithigí siar go bun an halla.

Rithigí ar aghaidh go barr an halla, siúlaigí siar go bun an halla

XXX

## Cluiche 2: Rithigí go hUimhir a ...

Cluiche 2 Priontáil trí chóip de na huimhreacha 1-5 (Féach ag deireadh an PPT) agus croch suas timpeall an halla iad. Cuir na páistí ar ais ag an túsphointe ag bun an halla. Déan na huimhreacha a chleachtadh agus do mhéar a dhíriú ar na huimhreacha ar an mballa. Abair arís is arís eile iad leis na páistí – a haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig. Ar comhartha m.sh. feadóg, abair "Rithigí go huimhir a trí". Ritheann na páistí go dtí uimhir a trí ar an mballa. Déan é seo a chleachtadh cúpla uair chun cleachtadh a dhéanamh ar thuiscint na n-uimhreacha.



# Cluiche 3: Cad atá agat?



Scaip amach na cóin timpeall an halla.
Cuir uimhir faoi gach cón (is féidir leis na páistí cabhrú leat)
Cuir na páistí i bpéirí agus abair "Siúlaigí timpeall an halla"
Ar chomhartha m.sh. feadóg, taispeáin do na páistí conas siúl chuig cón agus uimhir a fháil. Abair " Cad atá agat?" "Tá a dó agam." Déan é seo a chleachtadh cúpla uair.

Léirigh do na páistí conas siúl chuig an uimhir chéanna ar an mballa agus é a mheaitseáil. Tabhair deis do na páistí é a dhéanamh arís agus arís eile. Nuair atá na páistí ag an mballa cuir ceist orthu " Cad atá agat?" Spreag iad chun "Tá a dó agam" a rá. Is féidir leat múnlóireacht a dhéanamh le páiste/duine fásta. Déan é seo a chleachtadh arís is arís eile.



# Cluiche 4: Tréimhse ghníomhaíochta/chumarsáide: Cluiche Meaitseála

<u>Leagan Amach: Na páistí ag leagan amach an chluiche</u>


Tabhair marcóir (spota nó cón) do gach páiste agus léirigh dóibh conas iad a leagadh amach go cúramach, timpeall na háite agus teacht ar ais chugat.

“Anois a pháistí, táim chun cón a thabhairt do gach duine. Scaip amach na cóin ar fud an halla”

Tabhair cárta do gach páiste. Léirigh do na páistí conas na cártaí a chur faoi mharcóir folamh/ cón - má tá cárta faoi chón cheana féin, taispeáin dóibh conas dul go dtí an chéad cheann eile.

“Anois táim chun cárta a thabhairt daoibh agus caithfidh sibh an cárta a chur faoin gcón mar seo. Má tá cárta faoin gcón, bogaim go dtí an chéad chón eile” Abair leo teacht ar ais chugat. “Tar ar ais anseo”







# Tréimhse ghníomhaíochta/chumarsáide: Cluiche Meaitseála


Le páiste/duine fásta eile taispeáin do na páistí conas siúl chuig cón agus cárta a phiocadh. Má tá a dó agat cuir ceist orthu "An bhfuil a dó agat?" tabhair scafall do "Tá/ Níl a dó agam"

Anois iarr ar na páistí siúl/dul ar bhogshodar/scipeáil thart ar an trealamh. "Bígí ag scipeáil/ag siúl/ag léim ar leathchos timpeall an halla" Léirigh do na páistí conas siúl chuig marcóir/cón agus conas an cárta a thógáil ar chomhartha ar leith m.sh séideadh na feadóige. "Nuair a chloiseann tú an fheadóg: STOP agus SIÚIL go dtí cón agus tóg an cárta faoi"

Léirigh do na páistí conas dul thart i measc na bpáistí eile chun an páiste a bhfuil an cárta meaitseála acu a aimsiú. "Faighigí bhur gcártaí meaitseála/bpáirtí" Abair leo teacht ar ais chugat ina mbeirteanna. "Tagaigí ar ais chugam chomh tapa agus is féidir le bhur bpáirtí"












FORBAIRT

Trí na cártaí a athrú, tá go leor féidearthachtaí ann:

Déan uimhir a mheaitseáil le huimhir/spotaí le huimhreacha. Déan pictiúr a mheaitseáil le pictiúr.

Déan pictiúr a mheaitseáil le focal.

Déan 2+2 a mheaitseáil le 4.

Déan píosaí míreanna mearaí a mheaitseáil.

Is gníomhaíocht iontach í seo chun réimsí curaclaim eile a dhaingniú.

# Tréimhse Iarghníomhaíochta: Fuarú

Nuair atá gach duine críochnaithe déan gníomhaíocht iaraclaíochta (fuaraithe) leis na páistí, seo samplaí:

https://pssi.pdst.ie/pdf/gen/gen_2_cooldown.pdf



Seal Fuaraithe:

Scipeálann na páistí, iad ag éirí níos moille de réir a chéile.

Moillíonn fad na scipeála freisin go dtí go bhfuil siad ag scipeáil ar an spota.

Téann siad ó scipeáil go siúl.

Seasann siad socair.


# Tréimhse Iarchumarsáide: Athneartú

Athneartú: Is féidir athneartú a dhéanamh ar theanga nua an cheachta seo (mar shampla na huimhreacha) ag baint úsáide as na straitéisí céanna - rann, amhrán, dán agus cluiche teanga arís agus arís eile.

Is féidir na scéalta a bhaineann le huimhreacha, mar atá molta ag Gaeloideachas anseo , a úsáid chun dul siar ar uimhreacha. Mar shampla, an bhfuil 'The Hungry Caterpillar' ar eolas ag na páistí as Béarla? Seo leagan Gaeilge den scéal ó Naíonra Naithí, 'Dónall an Chlúimh', a bheidh éasca le leanúint ag na páistí: https://www.youtube.com/watch?v=fyxWCsy3U9o

Forbairt: Ag comhaireamh daoine-seo físeán deas ó DIY Mammy ina bhfuil comhaireamh daoine agus comhaireamh síos óna deich:
https://www.youtube.com/watch?v=W4zVN3w8CPE&list=PLDu_ERNYMr_fFmm78iZSQa7sGg5Sma8dm&index=6





Is féidir iad seo a phriontáil ar pháipéar daite nó bán. Is féidir uimhreacha a mheaitseáil le huimhreacha nó le spotaí- chun do rogha cluiche meaitseála a chruthú.


| | | |
|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | |

Is féidir iad seo a phriontáil ar pháipéar daite nó bán. Is féidir uimhreacha a mheaitseáil le huimhreacha nó le spotaí- chun do rogha cluiche meaitseála a chruthú.

[redacted]

2



თ



5





Is féidir foclóir eile a chur isteach sa chluiche meaitseála. Cuirigí íomhánna éagsúla isteach sa ghreille seo chun do chluiche féin a chruthú.